Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/488

12.3.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/488 ÓN gCOMHAIRLE

## an 11 Márta 2025

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472 ([1]), lenar bunaíodh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) An 20 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/653 ([2]), lenar cuireadh síneadh le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2025.

(3) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar an oibríocht, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh a chur le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2027.

(4) Ina theannta sin, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart tasc nua a chur le sainordú EUNAVFOR MED IRINI chun feabhas a chur ar an bhFeasacht ar Réimsí Muirí sa Limistéar Oibríochta agus i Limistéar Comhpháirteach Oibríochta na hoibríochta trí fhaisnéis a bhailiú maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach nach gcumhdaítear cheana faoin sainordú atá ann faoi láthair, chomh maith le faisnéis úsáideach a bhailiú chun bonneagar criticiúil muirí a chosaint agus chun pleanáil theagmhasach a dhéanamh.

(5) Ina theannta sin, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart an fothú acmhainneachta agus oiliúint a fhaigheann Gardaí Cósta agus Cabhlach na Libia a leathnú d'institiúidí ábhartha na Libia atá freagrach as forfheidhmiú an dlí agus as cuardach agus tarrtháil ar muir freisin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/472 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 mar a leanas:

(1) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 3a*

**Rannchuidiú le feasacht staide muirí maidir le gníomhaíochtaí aindleathacha eile**

1. Mar chúram tánaisteach, agus de réir a acmhainní agus a chumas, déanfaidh EUNAVFOR MED IRINI gníomhaíochtaí faireacháin agus faireachais agus baileoidh sé faisnéis maidir le gníomhaíochtaí aindleathacha seachas gáinneáil ar airm agus ar ábhar gaolmhar agus onnmhairiú aindleathach peitriliam ón Libia, chomh maith le faisnéis a bheadh úsáideach chun bonneagar criticiúil muirí a chosaint agus chun pleanáil theagmhasach a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin cuirfear le feasacht staide muirí sa Limistéar Oibríochta agus sa Limistéar Comhpháirteach Oibríochta.

2. Féadfar an fhaisnéis a bhaileofar sa chomhthéacs sin a stóráil agus a scaoileadh chuig na húdaráis ábhartha dlí sna Ballstáit agus chuig comhlachtaí inniúla de chuid an Aontais.'

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na mhír 1:

'1. Mar chúram tánaisteach breise, cabhróidh EUNAVFOR MED IRINI le hinstitiúidí ábhartha na Libia atá freagrach as forfheidhmiú an dlí agus as cuardach agus tarrtháil ar muir, go háirithe Garda Cósta agus Cabhlach na Libia, i bhforbairt a acmhainní agus lena hoiliúint i gcúraimí forfheidhmithe dlí ar muir, go háirithe chun smuigleáil daoine agus gáinneáil ar dhaoine a chosc.';

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1.4.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/472/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/653 ón gComhairle an 20 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 81, 21.3.2023, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/653/oj).

(3) in Airteagal 13, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Don tréimhse ón 1 Aibreán 2025 go dtí an 31 Márta 2027, EUR 16 350 000 a bheidh sa mhéid tagartha do chostais choiteanna EUNAVFOR MED IRINI. Is 10 % I ngealltanais agus 5 % in íocaíochtaí a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509.’

(4) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR MED IRINI an 31 Márta 2027.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Márta 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. DOMAŃSKI